# Mairg do-bheir grádh leatromach

[Tomás Ó Rathile: *Dánta Grádha,* no. 51]

Maghnas Ó Domhnaill

1 Mairg do-bheir grádh leatromach,
is a thabhairt ’na thuile;
och! is cunnradh easbhadhach
nách bí duine mar dhuine.

2 Tugas, géar chúis ghuasachtach,
grádh nár bh’oircheas do thabhairt;
och, fa-ríor! ní fhuarasa,
gé madh beag, fuath ’na aghaidh.

3 Oram rugadh d’éigeantas, -
measa leam a fhios agam!
anam nó dhó i n-éinphearsain,
is corp oile gan anam.

4 Gibé atá ar tí m’anma-sa,
deacraide dhó a bhuain asam, -
annamh fear mo mharbhtha-sa,
i gcorp oile atá m’anam.

5 Truagh nách fuil a hanam-sa
mar tá an t-anam-sa agam;
gidh é a hanam m’anam-sa,
ní hé m’anam-sa a hanam.

6 Truagh nách fuil an croidhe-se
mar tá ar gcroidhe-ne dhise;
gídh é a croidhe ar gcroidhe-ne,
ní hé mo chroidhe a cridhe.

7 Truagh nách fuil an corpán-sa
uirthi tar mhnáibh na Banbha, -
an stuaigh ríoghdha rosgmhálla,
ós í atá ag iomchar m’anma.